Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa do Vóta 28 a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch ag 31 Nollaig 2017 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Déantar toradh an chaiteachais a chur i gcomparáid leis an tsuim atá tugtha ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear suim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair den chaiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €24.5 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas sna cásanna seo a leanas:

***Idirbhearta in airgeadra eachtrach***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí eachtrach go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad sin a bhaineann le maoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

***Ceangaltais***

Áirítear sna ceangaltais na suimeanna sin ar féidir go bhfuil an Roinn faoi dhliteanas go dlíthiúil lena n-aghaidh i 2018 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí ceangailteacha infheidhmithe.

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú ag:
- feabhas ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 a léirítear ag costas
- talamh agus foirgnimh a fuarthas ón mbliain 2005 a léirítear ag costas
- trí áitreabh a bhaineann le misin thaidhleoireachta atá san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích in 2011.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéantar iad a aimsiú gan mhoill. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas agus í i mbun ceannaigh agus go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha soláthair. Tá an Roinn ag comhlíonadh na dtreoirlínte sin seachas i gcás 16 chonradh ar fiú €3,075,205 iad. Cuireadh síneadh leis na conarthaí seo thar an mbundáta conartha gan próiseas nua iomaíoch. Chuathas i mbun 14 chonradh eile arbh fhiú €3,135,701 iad gan próiseas iomaíoch a reáchtáil. Níor lorgaíodh tairiscintí ar na conarthaí sin de bharr gur bhain 5 cinn acu le soláthar seirbhísí dílsithe TFC (€2,699,166) agus de bharr gur bhain 9 gcinn le cásanna nach raibh ach soláthróir oiriúnach amháin ar fáil (€436,534). Déanfaidh foireann soláthair mo Roinne na conarthaí sin a athbhreithniú le linn 2018.

***Sócmhainní Caipitil***

I 2005, rinne an Roinn maoine faoi úinéireacht an Stáit a bhí acu a luacháil agus rinneadh na luachanna sin a chuimsiú i gcuntas leithreasa Vóta 28 ag an am. Ní féidir ach ceann amháin de luachálacha maoine 2005 a aimsiú faoi láthair. Ag eascairt as athbhreithniú le gairid ar mhaoine faoi úinéireacht na Roinne, aithníodh roinnt saincheisteanna a bhfuil coigeartuithe le déanamh ar chuntais leithreasa Vóta 27 agus ar Vóta 28 ina leith.

Ba chóir ceithre mhaoin a cuireadh i gcuntas leithreasa Vóta 28 a bheith curtha i gcuntas leithreasa Vóta 27 mar gheall gur maoine iad sin a bhí lonnaithe i misin a bhí á bhfeidhmiú ag Vóta 27. Rinneadh coigeartú €2.9 milliún sna cuntais sin agus i gcuntas leithreasa Vóta 27 2017 chun glanluach leabhair na maoine sin a léiriú.

Bhí luach ró-ard €1.3 milliún á chur le luach cheann de na maoine ar cheart a luach a bheith taifeadta i gcuntas leithreasa Vóta 27 (féach an t-alt thuas) á chur i gcuntas leithreasa Vóta 28 ó 2005. Rinneadh trí mhaoin eile a thaifeadadh i gcuntas leithreasa Vóta 27 a bhí taifeadta go mícheart i gcuntas leithreasa Vóta 28 ar luach €4.4 milliún. Rinneadh coigeartú €5.7 milliún ar na cuntais sin chun na hearráidí cuntasaíochta sin a cheartú.

Tá na coigeartuithe riachtanach go léir léirithe sna cuntais seo, mar a leagtar amach i Nóta 2.2.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá ceadaithe agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta sheirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialaithe cuí á gcleachtadh i ndáil le soláthar na seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus déantar iad a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár ceithre uair sa bhliain ar a laghad. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos sa chlár riosca ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe ar bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht Leanúnach agus Athbhreithniú ar Rialaithe Inmheánacha***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mbainistíocht agus an Bord Bainistíochta go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na príomhríoscaí agus na rialaithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialaithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta i ndáil le bainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí maidir leis an rialú inmheánach airgeadais a bhain leis an mbliain 2017, a raibh caillteanas ábhartha mar chúis leo, nó a bhféadfadh sé go mbeadh caillteanas ábhartha mar chúis leo.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

18 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Chláir** | | | | |
| A | Freastal ár ndaoine sa bhaile agus thar lear agus chun athmhuintearas agus comhoibriú a chur chun cinn ("Ár nDaoine") | 79,044 | 70,568 | 65,359 |
| B | Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn ("Ár nÁit san Eoraip") | 23,279 | 22,657 | 19,483 |
| C | Oibriú i dtreo domhan atá níos cothroime agus níos inmharthana ("Ár Luachanna") | 55,779 | 48,862 | 60,385 |
| D | Cur leis an rathúnas trínár leasanna eacnamaíochta a chur chun cinn go hIdirnáisiúnta ("Ár Rathúnas") | 31,211 | 30,934 | 28,088 |
| E | An tionchar agus an cumas atá ag an tír a cuid spriocanna a sheachadadh ("An tionchar atá againn") | 39,260 | 49,237 | 42,109 |
| | **Ollchaiteachas** | **228,573** | **222,258** | **215,424** |
| | *Lúide de* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **45,046** | **63,222** | **56,903** |
| | **Glanchaiteachas** | **183,527** | **159,036** | **158,521** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **24,490,495** | **8,713,785** |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

18 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas chláir | | 55,513 | 62,460 |
| Pá | | 85,834 | 78,959 |
| Neamhphá | | 80,911 | 74,005 |
| **Ollchaiteachas** | | **222,258** | **215,424** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **63,222** | **56,903** |
| **Glanchaiteachas** | | **159,036** | **158,521** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (9,298) | | |
| Airgead tirim ar dhiúscairt | 19 | | |
| Brabús ar dhiúscairt | (9) | | |
| Dímheas | 3,930 | | |
| | | (5,358) | (1,591) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 596 | | |
| Méadú ar stoc | (1,038) | | |
| | | (442) | (9,204) |
| **Caiteachas díreach** | | **153,236** | **147,726** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 20,671 | 21,595 |
| Measchíosanna | | 2,422 | 2,422 |
| **Costas glan clár** | | **176,329** | **171,743** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte

I ndáil le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, tá méid an glanchaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin | m | (667) | (241) |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 60 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 15,400 | 12,642 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,299 | 8,680 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 179 | 78 |
| Vóta 20 Garda Síochána | m | 15 | — |
| Príomh-Chiste – Pinsin Airí | m | 385 | 376 |
| | | **20,671** | **21,595** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 163,491 | 166,861 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 7,894 | 7,362 |
| Réamhíocaíochtaí | | 11,544 | 11,038 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 5,303 | 4,656 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 3,486 | 1,486 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **28,227** | **24,542** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Speanais fhabhraithe | | 1,270 | 674 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 3,988 | 2,748 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 4,801 | 3,348 |
| Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas) | 6.2 | — | 46 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **10,059** | **6,816** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **18,168** | **17,726** |
| **Glansócmhainní** | | **181,659** | **184,587** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **181,659** | **184,587** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Note | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 184,587 | 173,792 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 183,527 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (24,490) | | |
| Vóta glan | | | 159,037 | 158,521 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 20,671 | 21,595 |
| Caiteachas nach airgead tirim – measchíosanna | 1 | | 2,422 | 2,422 |
| Glansócmhainní a aistríodh chuig Vóta 27 | 2.2 | | (2,982) | — |
| Glansócmhainní coigeartaithe | 2.2 | | (5,747) | — |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (176,329) | (171,743) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **181,659** | **184,587** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí mótair | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 156,544 | 3,242 | 48,872 | 72,011 | 280,669 |
| Breiseanna | 7,740 | 196 | 97 | 1,265 | 9,298 |
| Diúscairtí | — | (189) | (1,169) | (22) | (1,380) |
| Sócmhainní a aistríodh chuig Vóta 27[1] | (2,927) | (304) | (12) | (13) | (3,256) |
| Coigeartuithe sócmhainní[2] | (5,747) | (251) | (144) | — | (6,142) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 155,610 | 2,694 | 47,644 | 73,241 | 279,189 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | — | 2,350 | 47,394 | 64,064 | 113,808 |
| Dímheas don bhliain | — | 354 | 571 | 3,005 | 3,930 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (189) | (1,169) | (22) | (1,380) |
| Dímheas ar shócmhainní a aistríodh chuig Vóta 27 | — | (253) | (8) | (13) | (274) |
| Dímheas ar shócmhainní coigeartaithe[2] | — | (251) | (135) | — | (386) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | — | 2,011 | 46,653 | 67,034 | 115,698 |
| **Glansócmhainní** ag **31 Nollaig 2017** | **155,610** | **683** | **991** | **6,207** | **163,491** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 156,544 | 892 | 1,478 | 7,947 | 166,861 |

[1] Aistríodh sócmhainní maoine a raibh costas €2.927 milliún agus glanluach leabhair €2.927 milliún ag dul leo agus sócmhainní eile a raibh costas €0.329 milliún agus glanluach leabhair €0.055 milliún ag dul leo chuig Vóta 27 Comhoibriú Idirnáisiúnta.

[2] Áirítear sa choigeartú €5.7 milliún ar shócmhainní maoine trí mhaoin a bhfuil glanluach leabhair €4.4 milliún acu a bhaint as taifid chuntasaíochta Vóta 28 mar go bhfuil siad san áireamh cheana féin i gcuntas leithreasa Vóta 27 agus luach sócmhainne a raibh ró-luach €1.3 milliún tugtha ina leith a cheartú. Léirítear na sócmhainní maoine seo anois i gcuntais Vóta 27 bunaithe ar luachálacha 2005.

## 2.3 Bainc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais Misin agus cheanncheathrú | 7,628 | 9,801 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (4,142) | (8,315) |
| | **3,486** | **1,486** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Leabhair agus cártaí pas | 7,709 | 6,758 |
| Stoic phrótacail | 67 | 74 |
| Stáiseanóireacht | 52 | 472 |
| Postas réamhíoctha | 3 | 8 |
| Earraí inchaite TF | 63 | 50 |
| | **7,894** | **7,362** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais roinne agus gníomhaireachta | 3,414 | 2,860 |
| Cuntais óinchiste agus agus fionraí pearsanta | 1,060 | 1,125 |
| Cuntais airleacan tuarastail iasachta | 77 | 159 |
| Ilghnéitheach | 752 | 512 |
| | **5,303** | **4,656** |

Áirítear ar na ilfhéichiúnaithe cuntais rialaithe pá rolla €0.629 milliún; féichiúnaithe consail oinigh €0.113 milliún; agus iarmhéideanna eile €0.01 milliún.

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,187 | 1,378 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | 1,000 | 647 |
| Cáin Bhreisluacha | 55 | 36 |
| Cáin Iarchoiméadta ar Sheirbhísí | 59 | 47 |
| | 2,301 | 2,108 |
| Ilghnéitheach | 1,687 | 640 |
| | **3,988** | **2,748** |

Áirítear ar na hilchreidiúnaithe ranna Rialtais eile €0.986 milliún; cuntais ar feitheamh €0.425 milliún; cuntais rialaithe pá rolla €0.117 milliún agus creidiúnaithe tríú páirtí €0.159 milliún.

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 24,490 | 8,713 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (19,689) | (5,365) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **4,801** | **3,348** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 5,303 | 4,656 |
| Banc agus airgead tirim | 3,486 | 1,486 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,301) | (2,108) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (1,687) | (640) |
| Iarmhéideanna sochair: cuntais deontais | — | (46) |
| | (3,988) | (2,794) |
| | **4,801** | **3,348** |

## 2.8 Ceangaltais

Tá san áireamh sna ceangaltais na suimeanna sin ar féidir go bhfuil an Roinn faoi dhliteanas go dlíthiúil lena n-aghaidh i 2018 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí ceangailteacha in-fheidhmithe agus baineann siad le híocaíochtaí réadmhaoine ar cíos thar lear, le priontáil leabhrán pas agus le ceangaltais eile riaracháin.

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Déantar anailís ar an tsuim mar seo a leanas | | |
| Costais Sheirbhís na bPasanna agus costais eile riaracháin | 1,590 | 3,180 |
| Íocaíocht maoine ar cíos thar lear | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 1,447 | 4,841 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 8,840 | 5,888 |
| Cúig bliana agus níos mó | 3,267 | 2,355 |
| **Ceangaltais iomlána** | **15,144** | **16,264** |

Déantar ceangaltais cíosa maoine arna ndéanamh faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa maoine a fhritháireamh ag réamhíocaíochtaí. B’ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.795 (2016: €1.394 milliún).

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir fo-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur I láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 83,995 | 85,834 | 78,959 |
| ii | Taisteal agus cothú | 5,144 | 5,988 | 5,255 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,023 | 5,792 | 3,993 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,786 | 5,796 | 5,899 |
| v | Fearais oifige agus seirbhísí TF seachtaracha | 28,653 | 20,833 | 24,140 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 27,319 | 32,514 | 23,310 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 3 | 2 |
| viii | Costais ionadaíochta agus lóistín | 7,897 | 9,985 | 11,406 |
| | | **162,917** | **166,745** | **152,964** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €84 milliún, toradh: €85.8 milliún

Is mar gheall ar fhoireann bhreise a leithdháileadh ar idirbheartaíochtaí an Bhreatimeachta agus chun príomh-mhisin agus aonaid ceanncheathrúna an AE a neartú is mó a raibh caiteachas breise €1.8 milliún i gceist i ndáil le tuarastail, pá agus liúntais. Ina theannta sin, de bharr go raibh méadú ar iarratais ar phasanna, leithdháileadh foireann bhreise go sealadach chuig Seirbhís na bPasanna.

*ii* *Taisteal agus cothú*

Soláthar mheastacháin: €5.1 milliún, toradh: €6.0 milliún

Is mar gheall ar mhéadú mór a bheith ar an méid taistil a dhéanann foireann agus airí na Roinne de bharr idirbheartaíochtaí an Bhreatimeachta agus mar gheall ar níos mó cruinnithe a bheith acu ar fud na cruinne a raibh €0.9 milliún breise ar chaiteachas.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €4 milliún, toradh: €5.8 milliún

Is mar gheall ar chaillteanais i ndáil le haistriú i malairt eachtrach €1 milliún i rith na bliana a raibh caiteachas €1.8 milliún i gceist. Tabhaíodh caiteachas breise chomh maith mar gheall ar fhógraíocht, táillí gairmiúla agus siamsaíocht stáit/oifigiúil de bharr líon níos mó cuairteanna Uachtaráin agus Stáit.

*v* *Fearais oifige agus seirbhísí TF seachtaracha*

Soláthar mheastacháin: €28.6 milliún, toradh: €20.8 milliún

Bhí gannchaiteachas €7.8 milliún i gceist de bharr go raibh moill i gceist i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm na gcóras nua TFC sa Roinn. Go háirithe, cuireadh moill ar an gclár leasaithe pasanna de bharr próiseas soláthair níos faide agus níos casta ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

*vi* *Costais áitreabh oifige*

Soláthar mheastacháin: €27.3 milliún, toradh: €32.5 milliún

Is mar gheall gur cheannaigh an Stát suíomh i dTóiceo ó Rialtas na Seapáine ar €7.7 milliún chun foirgneamh nua d'ambasáid/Teach na hÉireann a fhorbairt a raibh caiteachas caipitil €5.2 milliún i gceist. Rinne gannchaitheamh ar thionscadail caipitil agus athchóirithe an praghas ceannaigh a fhritháireamh go pointe áirithe.

*viii* *Costais ionadaíochta agus lóistín thar lear*

Soláthar mheastacháin: €7.9 milliún, toradh: €10 milliún

Bhí caiteachas breise €2.1 milliún i gceist de bharr costais níos airde a bheith ag baint le poist thar lear lena n-áirítear costais cóiríochta cíosa a aisíoc, táillí scoile agus speansais leighis fhoireann na Roinne, lena n-áirítear cuiditheoirí ó ranna eile a shanntar ar phoist thar lear.

## Clár A Ár nDaoine

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 22,767 | 23,266 | 21,319 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 38,554 | 31,704 | 29,316 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | 254 | 254 | 846 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | 79 | 17 | 15 |
| A.5 | Tacaíocht do seirbhísí eisimirce Éireannach | 11,595 | 12,039 | 10,606 |
| A.6 | Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach | 2,745 | 2,719 | 3,257 |
| A.7 | An Ciste idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 150 | — |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | 400 | 419 | — |
| | | **79,044** | **70,568** | **65,359** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €8.5 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €6.4m de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus iarmhéid na difríochta de €2.1m de bharr seo a leanas go príomha:

A.7 An Ciste idirnáisiúnta d'Éirinn

Soláthair mheastacháin: €2.6 milliún, toradh: €0.15 milliún

Bhí gannchaitheamh €2.5 milliún i gceist de bharr nach raibh aisíoc ar an deontas i ndáil leis an gcaiteachas clár de dhíth ó thimpeallacht feidhmíochta an IFI do 2017.

## Clár B Ár nÁit san Eoraip

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 17,242 | 17,620 | 14,213 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 5,294 | 4,309 | 4,887 |
| B.3 | Gníomhaíochtaí mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 416 | 383 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | 325 | 312 | — |
| | | **23,279** | **22,657** | **19,483** |

## Clár C Ár Luachanna

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | 11,181 | 11,426 | 11,054 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 4,811 | 4,847 | 5,587 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta | 39,787 | 32,589 | 43,744 |
| | | **55,779** | **48,862** | **60,385** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €6.9 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.3m de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus iarmhéid an difríochta dá bharr seo a leanas go príomha:

*C.3 Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta*

Soláthair mheastacháin: €39.8 milliún, toradh: €32.6 milliún

Bhí easnamh i gcaiteachas €7.2 milliún a bhain leis an soláthar measta i gceist mar gheall ar ranníocaíocht na hÉireann leis na Náisiúin Aontaithe a bheith níos ísle ná mar a bhí tuartha. Tá sé deacair rannaíocaíochtaí NA na hÉireann a mheas go cruinn nuair a bhíonn an buiséad á shocrú.

## Clár D Ár Rathúnas

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | 16,773 | 17,140 | 16,581 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 7,537 | 7,557 | 8,379 |
| D.3 | Éire a chur chun cinn | 3,700 | 3,298 | 345 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 3,201 | 2,939 | 2,783 |
| | | **31,211** | **30,934** | **28,088** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €0.3 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.4m de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin. Is mar gheall orthu seo a leanas a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i ndáil leis an gcaiteachas clár:

*D.3 Éire a chur chun cinn*

Soláthair mheastacháin: €3.7 milliún, toradh: €3.3 milliún

Bhain an gannchaiteachas €0.4 milliún a bhain leis an soláthar measta leis an gcaiteachas ar imeachtaí cur chun cinn ar fud líonra na misean a bheith níos ísle ná mar a bhí measta.

*D.4* Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Soláthair mheastacháin: €3.2 milliún, toradh: €2.9 milliún

Bhí gannchaiteachas €0.3 milliún ann a bhain leis an soláthar measta mar gheall go raibh na ranníocaíochtaí a bhí ceaptha a thabhairt don Eagraíocht ar mhaithe le Comhoibriú agus Forbairt Eacnamaíochta, an meastachán a tugadh sular dearnadh cinntí maidir le buiséad 2017 na heagraíochta níos ísle ná mar a bhí tuartha.

## Clár E An Tionchar atá againn

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán – pá | 16,032 | 16,382 | 15,792 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 22,726 | 32,494 | 25,836 |
| E.3 | Seirbhísí faisnéise | 502 | 361 | 481 |
| | | **39,260** | **49,237** | **42,109** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €10 milliún níos airde ná mar a bhí soláthraithe ar dtús agus bhain sé le caiteachas riaracháin níos airde lena n-áirítear talamh a cheannach i dTóiceo.

*E.3 Seirbhísí faisnéise*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, toradh: €0.4 milliún

Is mar gheall nach ndeachaigh roinnt gníomhaíochtaí a bhí beartaithe ar aghaidh mar gheall ar thosaíochtaí gnó iomaíocha a raibh gannchaiteachas €141,000 i gceist sa soláthar mheastacháin.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 41,020 | 59,858 | 53,370 |
| 2 | Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | 14 | 2 |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | 750 | 842 | 909 |
| 4 | Ilghnéitheach | 500 | 214 | 271 |
| 5 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,746 | 2,294 | 2,351 |
| | **Total** | **45,046** | **63,222** | **56,903** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €18.2 milliún níos mó ná an meastachán

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

*1* *Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile*

Soláthar mheastacháin: €41 milliún, réadaithe: €59.9 milliún

Bhí an t-ioncam €18.9 milliún chun cinn de bharr go raibh méadú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna. De bharr gur seirbhís de réir éilimh í Seirbhís na bPasanna, is deacair a thuar go cinnte an leibhéal iarratas nó an meascán iarratas a gheofar i mbliain ar bith.

*4* *Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €0.5 milliún, réadaithe: €0.2 milliún

Bhí easnamh ann de bharr rómheastachán ar fháltais sa réimse seo - meascán d'fháltais aon uaire agus d'fháltais anois agus arís a bhfuil sé deacair iad a thuar.

*5* *Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin €2.7 milliún: réadaithe: €2.3 milliún

Bhí easnamh €0.4 milliún ann mar gheall go raibh fáltais níos lú ná mar a bhí tuartha i gceist de bharr gur tugadh isteach tairseach níos airde maidir le díolúine i ndáil le hasbhaint a bhaineann le pinsin in 2017.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | **1,403** | **1,287** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 77,804 | 71,504 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 154 | 183 |
| Liúntais eile | 172 | 174 |
| Ragobair | 881 | 866 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,936 | 3,465 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 2,887 | 2,767 |
| **Pá Iomlán** | **85,834** | **78,959** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochta ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair 2017 € | Uasíocaíocht Aonair 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 55 | 3 | 31,642 | 19,828 |
| Liúntais eile | 158 | 7 | 15,195 | 9,044 |
| Ragobair | 342 | 20 | 26,492 | 30,345 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 112 | 35 | 31,917 | 35,913 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €26,292 (2016: € 35,789) iad le 11 (2016:9) státseirbhíseach a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €50,668 (2016: €26,142.83) iad le 2 bhall foirne (2016: 1) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €45,436 (2016: €125,233) iad le 4 (2016:6) iar-bhall foirne Aireachta i 2017.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba é ró-íocaíochtaí a taifeadadh ag an NSSO ag deireadh na bliana ná €168,077 maidir le 127 duine aonair (2016: € 125,402: 80 duine aonair)

**Ríomh na ró-íocaíochtaí**

Is iad seo a leanas na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana:

- Bhí ró-íocaíochtaí gan íoc ag 28 duine le pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag deireadh na bliana;
- Bhí ró-íocaíochtaí gan íoc ag 99 duine gan aon phlean aisghabhála ag deireadh na bliana.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Tá costais dlí a íocadh i rith na bliana catagóirithe mar a leanas:

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a íoc an Roinn | Costais dlí bronnta | Cúiteamh bronnta | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh de chuid fostaithe na Roinne | 6 | — | — | 89 | 89 | — |
| Éilimh de chuid bhall den phobal | 1 | — | 12 | — | 12 | 38 |
| | | **—** | **12** | **89** | **101** | **38** |

## 6.2 Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (Deontas)

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 46 | 75 |
| Deontas (fo-mhírcheann A.3) | 254 | 846 |
| | 300 | 921 |
| Caiteachas | (300) | (875) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **—** | **46** |

## 6.3 Calaois agus calaois amhrasta

Mar a luadh i gCuntas Leithreasa 2016, d'aithin an Roinn cás calaoise/mírialachtaí i gceann amháin dá cuid misean thar lear. Thionscain an Roinn fiosrúchán agus tá sé faighte amach go bhfuil caiteachas arbh fhiú €62,000 ann nach féidir bunús iomlán a thabhairt ina leith. Tá Coiste Iniúchta na Roinne agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste curtha ar an eolas maidir leis an gcás. Is é polasaí na Roinne gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun cistí Státchiste a aisghabháil nuair a tharlaíonn calaois nó mírialtachtaí.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá liosta de na comhlachtaí a bhfuil sé de dhualgas ar an Roinn a cuid ráiteas airgeadais a chur faoi bhráid an Oireachtais sa tábla seo a leanas: Léirítear ann, amhail deireadh Mhárta 2018, an tréimhse inar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht / ciste roinne | Tréimhse deiridh cuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta arna fáil ag an Aire/Roinn | Dáta arna cur i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil ("Coimisiún Fulbright) | 2016 | 27 Aibreán 2017 | 20 Meitheamh 2017 | 15 Samhain 2017 |

Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (ar a dtugtar Coimisiún Fulbright), Cómhaoinithe ag Rialtais na hÉireann agus na Stát Aonaithe agus tacaítear le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.